



AN ROINN
OIDEACHAIS DEPARTMENT OF
EDUCATION

AN ARDTEISTIMÉIREACHT

SIOLLABAS CEOIL

(ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL)

CLÁR

1. RÉAMHRÁ

1.1	Bonnmhíniú	1
1.2	Aidhmeanna	1
1.3	Cuspóirí	2
1.4	Ceol sa rangsheomra	2
1.5	Fad an chúrsa	2
1.6	Struchtúr an tsiolabais	3
1.7	Idirdhealú idir Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal	3
1.8	Ceol san eacnamaíocht agus sa phobal	4
1.9	Measúnú	4

2. ÁBHAR AN CHÚRSA

2.1	CEOLCHASADH	5
2.1.1	Ceolchasadh - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal	5
2.1.2	Bunchoinníollacha ceolchasaidh	5
2.1.3	Ceolchasadh mar rogha ag an Ardleibhéal	6
2.2	CUMADÓIREACHT	6
2.2.1	Riachtanais chumadóireachta - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal	6
2.2.2	Cleachtaí cumadóireacha	7
2.2.3	Rogha cumadóireachta ag an Ardleibhéal	8
2.3	ÉISTEACHT	9
2.3.1	Réamhrá	9
2.3.2	Saothair dhualgais	9
2.3.3	Ceol Gaelach	10
2.3.4	Scileanna éisteachta	10
2.3.5	Rogha éisteachta ag an Ardleibhéal - ábhar faoi shainstaidéar	11

3. AGUISÍNÍ

Aguisín A:	Amhránaíocht nó seinm aonair	12
Aguisín B:	Amhránaíocht nó seinm mar bhall de cheolgrúpa	14
Aguisín C:	Ceolgrúpa a réamhchleachtadh agus a stiúradh	15
Aguisín D:	Amharcléamh, trialacha cluas-chuimhne agus tobchumadh neamhullmaithe	16
Aguisín E:	Na critéir a bhaineann le roghnú ceoil oiriúnaigh don scrúdú ceolchasaidh	17
Aguisín F:	Saothair dhualgais	21
Aguisín G:	Rogha éisteachta ag an Ardleibhéal - ábhar faoi shainstaidéar	22

1. RÉAMHRÁ

1.1 Bonnmhíniú

Is éard a bhí sa cheol ó thús aimsire ná gné thábhachtach de chruthaitheacht dhaonna. San lá atá inniu ann tá meas air mar ghné ealaíne shoch-chultúrtha agus shóisialta a ghabhann thar chonstaicí teanga, creidimh agus cine.

Sa saol nua-aimseartha is iomaí sin feidhm a ndéanann an ceol freastal uirthi:

- Bua fiúntach ina chailíocht féin is ea an ceol - oideachas don saol é
- Cuidíonn gníomhaíochtaí sóisialta ceoil le forbairt na n-inniúlachtaí pearsantachta agus le comhar meithele
- Déanann oideachas ceoil glaoch ar ghnéithe na forbartha daonna, dála na mothúchán, an eolais agus na siocluaille, go gníomhach agus go samhailteach
- Cuireann an chruthaitheacht cheoil agus í i gceangal le hinniúlacht agus le fiontraíocht deiseanna saoil agus fostáiochta ar fáil
- Tá beart tábhachtach le himirt ag ceol i gcúrsaí geilleagair, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta

San lá atá inniu ann, tá léiriú ar a ilghnéithí agus ar a fhuinneamhaí is atá an ceol i saol an phobail san éagsúlacht blasa agus eachtrais maidir le ceol, ó dhuine go duine. Má dhéanann an siollabas seo freastal ar na contrárthachtaí seo, déanfaidh sé freastal freisin ar na héagsúlachtaí riachtanais a airíonn mic léinn maidir le ceol, le spéiseanna agus le huallmhianta.

1.2 Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an tsiolabais ná:

- leanúnachas agus dul chun cinn a chothú sna hinniúlachtaí a foghlamaíodh trí shiollabas an cheoil don Teastas Sóisearach agus é sin a dhéanamh de réir riachtanas sainiúil agus riachtanas speisialta an duine aonair
- oideachas i gceol a chur ar fáil don uile mhac léinn, téidís ar aghaidh ina dhiaidh sin ag saothrú an léinn áirithe sin, cloídís le gairm sa cheol, nó a mhalaírt
- forbairt na cruthaitheachta, an bhraith agus na féithe ceoil a chothú trí pháirt ghníomhach a ghlaicadh le linn do cheol a bheith á chloisteáil, á chasadadh nó á chumadh
- tréith na ceolmhaireachta agus an chur in iúl a chothú
- spéis aireachtála sa cheol a shaothrú mar aon le taitneamh a bhaint as ceolchasadh
- spiorad na fiontraíochta ceoil a chothú
- an acmhainn léirmheastach agus an acmhainn samhlaiochta a fhorbairt

1.3 Cuspóirí

Eolas agus Tuiscint

- oiread eolais agus tuisceana agus is gá a chur ar fáil chun a chur i gcumas do mhic léinn ceoléisteacht agus cumadóireacht a chleachtadh le breis inniúlachta agus suime
- foras níos fearr feasa a chur faoi inniúlachtaí seanma i dtaobh an eolais agus na tuisceana atá riachtanach
- tuiscint a chothú i dtaobh cé mar a shaibhríonn ceol na gnéithe sóisialta, stairiúla, teicneolaiocha, geilleagracha agus cultúrtha den saol

Scileanna

- deis chleachta agus forbartha rialta sna scileanna cur i láthair agus cumadóireachta, aonair agus buíne, a chur ar fáil go rialta ar leibhéal cuí a bheadh ag teacht le héagsúlachtaí, le riachtanais agus le spéiseanna an duine aonánaigh
- mic léinn a spreagadh chun éisteacht dhaingean le rogha leathan de stileanna agus d'aimí ceoil, ceol ó anallód agus anois, ón ár dtimpeallacht dhúchais agus ó áiteanna in imigéin san áireamh agus friotal a chur ar an dóigh a n-airíonn siad an ceol sin ag dul i gcionn orthu i dtéarmaí na litearthachta ceoil.

Dearcháí

- meas a chothú ar thréithe an cheoil atá préamhaithe sa chultúr nó a noctann éirim agus brí
- omós don chruthaitheacht cheoil agus meas ar pháirt a ghlaicadh i gcomhbhuíon le daoine eile in imeachtaí ceoil
- mic léinn a spreagadh le taitneamh a thabhairt don cheol trí bheith ag éisteacht le himeachtaí ceoil, iad bheith taifeadadh nó beo
- mic léinn a dhéanamh níos iogairí agus níos feasaí i dtaobh dhearcadh ealaíne daoine eile
- aireachtáil a chothú i dtaobh na tábhachta a ghabhann le ceol i dtaca le heacnamaíocht agus le gairm
- feabhas a chothú in iliomad imeachtaí ceoil

1.4 Ceol sa rangsheomra

Tugann an siollabas seo deis do mhic léinn uile an Timthrialla Shinsearaigh ar mhian leo leanúint dá n-oideachas ceoil a leithéid sin a dhéanamh sa rangsheomra.

1.5 Fad an chúrsa

Tá an siollabas leagtha amach sa dóigh gur féidir na cuspóirí atá ann a bhaint amach de thoradh staidéir dhá bhliain sa rangsheomra (180 uair an chloig) a fásfaidh as siollabas

ceoil an Teastais Shóisearaigh nó a chothrom sin. Moltar go gcuirfí ar fáil tréimhse nach lú ná trí huaire an chloig in aghaidh na seachtaíne (i leataobh ar fad ó thréimhsí ama a chaithfí le córchleachtadh scoile, le cleachtadh ceolchoirne agus bannaí míleata) i gcaitheamh gach bliain den dá bhliain Ardteistiméireachta mar bhunriachtanas d'éifeacht teagaisc an chúrsa.

1.6 Struchtúr an tsiolabais

Tá struchtúr an tsiolabais seo leagtha amach ar shamhail an Teastais Shóisearaigh, ar dhlúthchuid de na trí bhun-ghníomhaíocht, ceolchasadh, cumadóireacht agus éisteacht. Tá na hinniúlachtai bunúsacha agus an léann ceoil atá laistiar díobh, e.g. ceol-léamh, miondealú, deachtú, eolas stairiúil agus comhthéacsach, san áireamh faoi cheann amháin nó níos mó de na ceannteidil seo. Tá sé de dhualgas ar gach mac léinn staidéar a dhéanamh ar na trí bhun-ghníomhaíocht sin.

Dáiltear meáchan de 25 faoin gcéad ar gach uile ceann de na trí bhun-ghníomhaíocht. Maidir leis an bhfuilleach de 25 faoin gcéad is féidir iad a roghnú mar a leanas:

- (i) ag an Ghnáthleibhéal roghnóidh mic léinn ceann amháin de na trí bhun-ghníomhaíocht agus seasfaidh sé sin do 50 faoin gcéad:

Ceolchasadh 50%	Cumadóireacht 25%	Éisteacht 25%
-----------------	-------------------	---------------

nó

Ceolchasadh 25%	Cumadóireacht 50%	Éisteacht 25%
-----------------	-------------------	---------------

nó

Ceolchasadh 25%	Cumadóireacht 25%	Éisteacht 50%
-----------------	-------------------	---------------

- (ii) ag an Ardleibhéal tabharfaidh mic léinn faoi staidéar sa bhréis (rogha Ardleibhéil) i gné amháin de na trí chineál gníomhaíochta:

Ceolchasadh	Cumadóireacht	Éisteacht	Rogha amháin Ardleibhéil
25%	25%	25%	25%

Cuirfidh sé seo ar chumas do mhic léinn den Ghnáthleibhéal agus den Ardleibhéal suas le 50 faoin gcéad den mharc ionlán a ghnóthú san gné sin den cheol is fearr a fhreagraíonn dá n-éirim. Na réimsí breise staidéir atá éigeantach i gcás gach rogha Ardleibhéil, tá siad luithe go sonrach ag deireadh gach ceann de na trí ghníomhaíocht éigeantacha.

1.7 Idirdhealú idir Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Sa siollabas atá á thairiscint tá dhá leibhéal, an Gnáthleibhéal agus an tArdleibhéal.

Cuimsíonn an tArdleibhéal gach a bhfuil de riachtanais maidir leis an nGnáthleibhéal, ach beifear ag súil le heolas, le tuiscint agus le hinniúlacht níos foirfe ó mhic léinn an Ardleibhéil. Aon áit a bhfuil sain-riachtanais i gceist le haghaidh an Ardleibhéil, déanfar tagairt ar leith dóibh ar feadh an tsiollabais.

1.8 Ceol san eacnamaíocht agus sa phobal

Le linn do mhic léinn a bheith ag déanamh staidéir ar an siollabas seo ba chóir go gcuirfí ar a súile dóibh cé chomh mór is atá saol an phobail i bhfiacha leis an gceol, ó thaobh caidrimh, gnéithe stairiúla, teicneolaíochta, cultúrtha agus eacnamaíochta de. Ba chóir go mbeadh an réim luacha seo le haireachtáil sa chúrsa le linn an teagaisc agus na foghlama. Trína bhíthin sin tuigfear do mhic léinn cad é mar thabhabit ghairmiúil atá ag baint as léiriú, cumadóireacht agus éisteacht a fhoghlaim.

1.9 Measúnú

- (a) Déanfar an siollabas a mheas de réir a chuspóirí.
- (b) Scrúdófar gach riachtanas an tsiollabais.
- (c) Chun an siollabas seo a mheas leanfar de na modhanna measúnaithe atá i bhfeidhm faoi láthair don Ardteistiméireacht, i.e.
 - scrúdú praiticiúil
 - scrúdú scríofa
 - cluas-scrúdú
- (d) Déanfar socruithe faoi leith ar mhaithe le mic léinn le riachtanais faoi leith.

2. ÁBHAR AN CHÚRSA

2.1 CEOLCHASADH

2.1.1 Ceolchasadh - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Ní mór do mhic léinn ceoil atá sa Ghnáthleibhéal nó san Ardleibhéal dul faoi scrúdú sa cheolchasadh faoi mar a luaitear i (a) agus i (b) thíos:

(a)

<p>Amhránaíocht agus/nó seinm aonair; féach agusín A (lch. 14)</p> <p style="text-align: center;">nó</p> <p>Amhránaíocht agus/nó seinm mar bhall de cheolghrúpa; féach agusín B (lch. 16)</p> <p style="text-align: center;">nó</p> <p>Cleachtadh agus stiúradh ceolghrúpa; féach agusín C (lch. 17)</p>
--

agus

(b)

<p>Triail amharcléimh a chanadh nó a sheinm; féach agusín D (lch. 18)</p> <p style="text-align: center;">nó</p> <p>Triail chluaschuimhne a chanadh nó a sheinm; féach agusín D (lch. 18)</p> <p style="text-align: center;">nó</p> <p>Mír de thobchumadóireacht neamhullmhaithe a chanadh nó a sheinm: féach agusín D (lch. 18)</p>

2.1.2 Bunchoinníollacha ceolchasaíd

(a) Ní foláir do mhic léinn an Ghnáthleibéil

(i) dhá amhrán nó dhá dhréacht ceoil réamhullmhaithe a chasad

agus

(ii) triail amháin neamhullmhaithe (i.e. triail amharcléimh nó triail chluaschuimhne **nó** sliocht tobchumadóireachta).

- (b) Ní foláir do mhic léinn an Ardleibhéal
- (i) trí amhrán nó trí shliocht ceoil a chasad
agus
- (ii) triail amháin neamhullmhaithe (i.e. triail amharcléimh **nó** triail chluaschuimhne **nó** sliocht tobchumadóireachta).
- (c) Mar rogha ar sin ceadófar do mhic léinn den Ardleibhéal
- (i) dhá ghníomhaíocht léirithe a chur i láthair
agus
- (ii) triail amharcléimh **nó** triail chluaschuimhne **nó** sliocht tobchumadóireachta den chaighdeán is cuí don Ardleibhéal
- (d) Ba chóir go léireodh na mic léinn uile an líofacht cheoil agus teicníochta is cuí.
- (e) Le linn do cheol aonair bheith á chasad, i leataobh ó chasad ar uirlísí traidisiúnta Gaelacha, ba chóir tionlacan a bheith ann de réir mar is cuí.
- (f) Le linn do cheol traidisiúnta Gaelach a bheith á chasad beifear ag súil a bheag nó a mhór, mar is cuí, le hornáidiú ag an Ghnáthleibhéal; ag an Ardleibhéal caithfear inniúlacht a léiriú in úsáid an ornáidithe de réir mar is cuí.
- (g) Le linn ceolchasadh grúpa caithfidh mic léinn a léiriú go bhfuil ar a gcumas ní amháin cloí lena líne cheoil féin ach cur go ceolmhar le foilsíú an dréachta.
- (h) I dtosca áiríthe agus le réamhchead na Roinne Oideachais ceadófar do mhic léinn ceolchasadh a chur i láthair le haghaidh measúnaithe i dteannta le closmheán nó le meán closamhairc.
- (i) Niltear ag foilsíú aon chláir ar leith. Tá aithris ar na critéir is gá a leanúint agus ceol á roghnú le haghaidh léirithe ag an Ghnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal le fáil in agusin E (Ich. 19).

2.1.3 Ceolchasadh mar rogha ag an Ardleibhéal

Caithfidh mic léinn atá ag gabháil leis an rogha seo ceolchlár ar fad ama dó 12 nóiméad go hachomair a chasadh a léiríonn forleathnú ar ghníomhaíocht bhunaidh an léirithe a ghabhann leis an Ardleibhéal.

2.2 CUMADÓIREACHT

2.2.1 Riachtanais chumadóireachta - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Ag deireadh an chúrsa beidh sé de dhualgas ar mhic léinn oiread tuisceana ar

uraiceacht an cheoil i dteannta le cluas-samhlaíocht a léiriú agus a chuirfídh ar a gcumas ceol a chumadh agus a scríobh ag baint úsáide dóibh as

- cliath tribile agus cliath doird
- na hidirchéimeanna coitianta diatonacha - an t-aontach go dtí an t-ochtach
- na rithimluachanna - an leathlán go dtí an camán mar aon lena macasamhla de shosanna (minimí poncaithe agus croisíní poncaithe san áireamh)
- na hamchomharthaí coitianta (2/4, 3/4 agus 4/4) i mórghléasanna agus i mionghléasanna chomh fada suas le dhá ghéar agus le dhá mhaol
- cordsheichimh bhunúsacha i suíomh fréamhach mar seo a leanas:

mórghléasanna: cordaí I, V, IV, ii agus vi
 mionghléasanna: cordaí i, V, iv agus VI

I dteannta sin, ba chóir go mbeadh mic léinn den Ardleibhéal ceol a aithint agus a scríobh ag baint feidhme as

- am débhuiileach comhshuite (6/8)
- mórghléasanna agus mionghléasanna chomh fada suas le ceithre ghéar agus le ceithre mhaol
- cordaí inbhéartaithe tosaigh mar a leanas:

 mórghléasanna: cordaí Ib, Vb, IVb agus iib
 mionghléasanna: cordaí ib, Vb, ivb agus ii^ob
- an V7 agus na cordaí dúntacha 6/4 i míreanna coitianta
- modhnuithe gó dtí an nóta ceannasach agus go dtí an nóta neamhchordach i gcomhthéacs ceoil

2.2.2 Cleachtaí cumadóireachta

Ag deireadh an chúrsa ba chóir go mbeadh a oiread eolais cheannaigh ag na mic léinn ar na riachtanais chumadóireachta, faoi mar a breaclíonadh iad i 2.2.1, agus a chuirfeadh ar a gcumas cumadóireacht a dhéanamh mar atá léirithe i (a) agus i (b) thíos.

- (a) Séis a scríobh i gceann amháin de na bealaí seo a leanas (ocht mbarra ag an Ghnáthleibhéal agus sé bharra déag ag an Ardleibhéal):

<p>mar leanúint ar oscailt a thugtar</p> <p>nó</p> <p>mar shoiléiriú ar théacs a thugtar</p> <p>nó</p> <p>ag baint leasa as rithim rince nó as méadar agus/nó as leagan a thugtar</p>

agus

- (b) Cleachtaí armóine i gceann amháin de na bealaí seo a leanas:

Gnáthleibhéal	Ardleibhéal
<p>Ag cur isteach séise dúnta agus nótaí doird</p> <p style="text-align: center;">nó</p> <p>ag cur nótaí doird agus comharthaí cordaí oiriúnacha ar fáil ag ionaid dúnta</p> <p style="text-align: center;">nó</p> <p>ag cur nótaí forshéise agus comharthaí cordaí ar fáil ag ionaid dúnta</p>	<p>Ag cumadh séise agus nótaí doird ó thacar de chordaí a thugtar</p> <p style="text-align: center;">nó</p> <p>ag cumadh cordaí doird agus cordaí tacaíochta a ghabhfadh le fonn ar leith</p> <p style="text-align: center;">nó</p> <p>ag cur frithshéise nó tacaíocht chordúil agus forshéise ar fáil a għabhfadh le fonn ar leith</p>

2.2.3 Rogha cumadóireachta ag an Ardleibhéal

Mic léinn a bheidh ag tairiscint na rogha seo, caithfidh siad é sin a dhéanamh trí fhianaise chāipéiseach a chur ar fáil i gceann de na bealaí a leanas:

Dhá dhréacht ghearra agus/nó dhá amhrán a chum siad nó a d'eagraigh siad nó a dhein siad féin a ionstraimiú a thairiscint, mar aon leis na cleachtaí faoi 2.2.2 thusas

nó

cumadóireachtaí agus/nó cóirithe agus/nó uirlísí amháin (tréimhse casaidh - cúig nóiméad, go hachomair).

Is ceadmhach cumadóireachtaí a thairiscint ag baint úsáide as bealaí coitianta, traidisiúnta, comhthionólacha, eithneacha, *avant-garde* nó leictro-fuaimíochta. Glacfar freisin le teaglaim ar bith de níos mó ná ceann amháin de na bealaí atá lúaithe thusas.

Ba chóir go mbeadh an leagan deiridh de gach cumadóireacht breactha i nodaireacht chomh hiomlán agus is féidir ag baint leasa as nodaireacht choitianta agus/nó ghráfach i dteannta le léargas iomlán scríofa. Aon uair go ndéanfar ceol leitro-fuaimíochta á thairiscint, beidh sé riachtanach téip réamhullmhaithe a chur ar fáil.

Ba chóir go ndéanfaí aon iarrachtaí ionstraimithe, agus bheadh iarrachtaí le haghaidh urlisi leictreonacha agus le haghaidh córas micritheicneolaíochta san aireamh anseo, a thairiscint i bhfoirm lánscoír.

Nuair a bheadh cumadóireacht um fhianaise cháipéiseach á tairiscint, ba chóir go dtabharfadhbh cibé ceol a dhéantar a thairiscint fianaise i dtaobh na nithe seo a chur ar fáil

- eolas faoi agus feidhmiú as an nodaireacht chuí
- tuiscint shásúil ar an mheán léirithe (ar na meáin léirithe)
- smacht dothaineach ar na saintréithe ceolmhara (e.g. saintréithe móitífeacha, struchtúracha, tonúla agus éirimnochtacha)
- slánbhreithiúnas ceoil

2.3 ÉISTEACHT

2.3.1 Réamhrá

Forbróidh inniúlacht na héisteachta i mic léinn an Ghnáthleibhéal agus an Ardleibhéal trí staidéar a dhéanamh

- ar shaothair dhualgais
 - ar cheol Gaelach
- agus tri bheith aq foghlaim
- cluas-scileanna

Mic léinn a thugann faoi rogha na héisteachta ag an Ardleibhéal ní mór dóibh staidéar a dhéanamh, freisin, ar ghné speisialta: féach 2.3.5 (lch. 11).

2.3.2 Saothair dhualgais

Caithfidh mic léinn an Ghnáthleibhéal agus an Ardleibhéal staidéar a dhéanamh ar na ceithre shaothar ar fad as an liosta cuí in agusín F (lch. 23).

Ní miste mionstaidéar a dhéanamh ar na saothair dhualgais. I gcás gach saothair diobh ba chóir go mbeadh ar chumas gach mic léinn

- raon na dtréithe ceoil ar baineadh leas as a thuiscint, a shainaithint agus a phlé
- staidéar a dhéanamh ar a stíl cheoil agus é a ionadú ina chomhthéacs stairiúil

- a bheith in ann miondealú agus tuairisciú ar phatrúin aithdhéanta agus athraithe laistigh den cheol

Le linn staidéir ar gach saothar dualgais caithfidh mic léinn den Ardleibhéil a thaispeáint freisin go bhfuil ar a gcumas

- breitheanna comparáideacha a dhéanamh i dtaobh an cheoil
- an chiall agus an léiriú a mheas i gcomhthéacs an taithí atá gafa cheana fén acu

2.3.3 Ceol Gaelach

Ba chóir go mbeadh dóthain taithí ag na mic léinn uile ar a bheith ag éisteacht le ceol Gaelach a chuirfeadh ar a gcumas

- (i) raon agus éagsúlacht an cheoil Ghaelaigh a chloistear inniu
- (ii) cora agus tionchair a bhaineann le ceol Gaelach

a thuiscint, a shainaithint agus a thuairisciú de bharr cluasaireachtála nó amharcaireachtála.

Ina theannta sin, caithfidh mic léinn Ardleibhéis bheith in ann

- (iii) stíleanna traidisiúnta agus nua-aimseartha ceolchasaidh
- (iv) an saibhriú atá déanta ag an gceol Gaelach ar cheol tíre thar lear, go mór mór i Meiriceá Thuaidh

a chluasaireachtáil agus a thuairisciú.

2.3.4 Scileanna éisteachta

Ag deireadh an chúrsa caitfidh na mic léinn uile

- (i) eolas praiticiúil a bheith acu ar nodaireacht ceoil mar a léirítear i 2.2.1 (lch.7)
- (ii) cumas ar
 - shéis agus rithim laistigh de chomhthéacs ceoil ar leith
 - thondathanna gutha agus uirlise
 - struchtúir shimpli cheoil (dénártha, trínártha, breachnaithe agus rondó) agus na leaganacha coir (séiseacha nó rithimeacha) ar a bhfuil sleachta ceoil ar leith bunaithe

a chluasaireachtáil agus a shainaithint.

Ina theannta sin, ní mór do mhic léinn an Ardleibhéis a bheith in ann

- (iii) ceol scríofa i ngluaiseacht leathchamáin agus ceol in am comhshuite a leanúint
- (iv) na tréithe stíle a mbíonn tionchur acu ar uigeachtaí an cheoil ar leith a chluasaithneachtáil
- (v) dúnta foirfe, neamhfhoirfe, tánaisteacha agus briste a shainaithe i gcomhthéacs ceoil

2.3.5 Rogha Éisteachta ag an Ardleibhéal - ábhar faoi sainstaidéar

I dteannta leis na riachtanais bhunúsacha éisteachta a ghabhann leis an Ardleibhéal caithfidh mic léinn, a bheidh ag tairiscint rogha Ardleibhéal san éisteacht, staidéar a dhéanamh ar théama faoi leith. Beidh sé de chead ag mic léinn a dtéama sainstaidéir féin a roghnú faoi réir na gcritéar seo a leanas:

Maidir leis an dtéama sainstaidéir ba chóir

- go roghnófaí é as ceolstaidéar a bhaineann le hábhar cuí, i.e.

 - (a) ceol ealaíne as tréimhse shainiúil ar bith de stair an cheoil, e.g. ceol ó na tréimhsí Meánaoiseacha, Rómánsacha nó Impriseanaiocha
nó
 - (b) ceol comhaimseartha - i leith stíleanna coitianta **nó** ealaíne
nó
 - (c) ceol traidisiúnta **nó** eithneach

- go mbeadh sé iomlán ann féin agus fáil air i ndíolamaí foillsithe
- go mbeadh sé sách leathan ionas go gcuirfeadh sé ar chumas mac léinn breithiúnais chomparáideacha a dhéanamh
- go mbeadh sé sách sainithe ionas go gcuirfeadh sé ar chumas mac léinn a n-airé a dhíriú ar bhunábhar cheoil an téama a roghnaíodh

Tá liosta de théamaí oiriúnacha molta in agusín G (lch.24).

Nuair a bheidh an téama sainstaidéir mar ábhar teagaisc sa rang ní miste tabhairt faoi éisteacht dhíongbháilte

- chun an spreagadh pearsanta a thagann ón gceol a fhorbairt
- chun gnéithe éagsúla ceoil a léiriú trí bheith ag éisteacht agus ag déanamh staidéara ar scór
- chun gnéithe éagsúla a bhaineann le heolas ar cheol a thaispeáint agus a shoiléiriú
- chun cuidíú le tuiscint an cheoil agus lena nochtadh sin
- chun inniúlachtaí a chothú sa cheolscagadh agus sa mheasúnú

3. AGUISÍNÍ

Aguisín A

Amhránaíocht nó seinm aonair

- (a) Is féidir le mic léinn Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal ceolchasadh a chur i láthair faoin dteideal seo.
- (b) Ba chóir go dtabharfadhbh mic léinn dá n-aire na riachtanais cheolchasaídh atá breaclínithe i 2.1.2 (lch.6).
- (c) Tugtar in aguisín E (lch. 19) na critéir a bhaineann le ceol a roghnú.
- (d) Ar na sleachta faoin dteideal seo is féidir go n-áireofaí amhránaíocht aonair nó/agus seinm stíleanna ceoil traidisiúnta nó coitianta chomh maith le saothair chlasaiceacha ealaíne.
- (e) Tá cúig cinn de roghanna ar fáil faoin dteideal seo.

Rogha 1: amhránaíocht aonair

Rogha 2: seinm aonair

Rogha 3: cumas tuisceana agus feidhme ar chórais mhicritheicneolaíochta déanta ceoil a thaispeáint

Beifear ag súil go mbeidh mic léinn in ann a thaispeáint go bhfuil ar a gcumas

- scór ceoil de dhá mhír réadacha ar a laghad a ionchur le cabhair uirlisé leictreonacha (agus/nó le cabhair uirlisé coitianta agus comhéadan MIDI á chur ar fáil ag smachtóirí leictreonacha)
- an scór céoil sin a shabháilt, a aisghabháil agus a chur in eagarr (e.g. rithimí, gléas, dinimic agus tonndathanna etc.) a athrú
- leagan deiridh taifeadta nó clóbhualte a chur ar fáil

Ina theannta sin, caithfidh mic léinn an Ardleibhéal a thaispeáint go bhfuil ar a gcumas a dtéip féin a dhréachtadh agus a sheinm nó ar a laghad dhá dhréacht a chasadadh as an stór caighdeánach ceoil le haghaidh uirlisé leictreonacha: féach aguisín E (lch. 19).

Rogha 4: tobchumadh

Caithfidh mic léinn an Ghnáthleibhéal dhá tobchumadh ullmhaithe a chur i láthair faoi cheann ar bith de na cúig cheannteideal thíos.

Caithfidh mic léinn den Ardleibhéal cumas a léiriú faoi thrí cinn de na ceannteidil seo.

- (i) tobchumadh séiseach

- (ii) tobchumadh rithimeach
- (iii) tobchumadh armónach
- (iv) tobchumadh saor a bheadh ag teacht le meon ar leith, nó le spreagadh amhairc nó téacsa
- (v) teaglam ar bith de na ceannteidil thus

Rogha 5: gníomhaíochtaí ceolchasaídhe eile nach luaitear

Mic léinn a bheidh ag tairiscint na rogha seo, is dá ndeoin féin é agus ba chóir go seolfaí na mionsonraí riachtanacha chuig an Roinn Oideachais ag an am iontrála don scrúdú. Is é an fáth atá leis an rogha seo ná chun freastal ar chásanna speisialta, viz.

- mic léinn faoi éalanga áirithe a dtuilleann a riachtanais ar leith aird speisialta agus socrúithe
- mic léinn nach dtagann a gcuid léirithe faoi cheann ar bith de na roghanna roimhe seo

Aguisín B

Amhránaíocht nó seinm mar bhall de cheolghrúpa

- (a) Ní miste do mhic léinn den Ghnáthleibhéal agus den Ardleibhéal ceolchasadh a chur i láthair faoin gceannteideal seo.
- (b) Ba chóir go dtabharfadh mic léinn dá n-aire na riachtanais cheolchasaidh atá breaclínithe in 2.1.2 (lch. 6).
- (c) Tugtar in aguisín E (lch. 19) na critéir nach nór a shásamh agus ceol á roghnú.
- (d) I gcás na léirithe faoin cheannteideal seo, d'fhéadfáí stíleanna a bhaineann le ceol traidisiúnta agus le ceol coitianta a bheith san áireamh mar aon le saothair chlasaiceacha ealaíne, e.g.

Grúpaí traidisiúnta Gaelacha

Grúpaí tíre

Grúpaí fliúite Sasanaí

Grúpaí madragail

Grúpaí córúla

Bannaí

Ceolchoirne

Grúpaí measctha de gach sórt le ceol gutha agus uirlise

Grúpaí ag léiriú míreanna as ceoldrámaí stáitse, as mion-cheoldrámaí, etc.

- (e) Na mic léinn uile a bheidh ag léiriú mar bhaill de cheolghrúpaí, ní miste dóibh a bheith in ann
 - a bpáirt a chaomhnú mar bhall rialta den ghrúpa ceoil
 - léirmhíniú a thabahirt ar na cleachtais cheoil agus nodaireachta is dual do gach ceann de na stíleanna a léirítear
 - saibhriú follasach a dhéanamh chun tairbhe don éifeacht ionlán
 - cáilíochtaí friotail agus léirmhínithe an cheoil a thuisint
 - ceolaigne céanna a dhéanamh le baill eile an ghrúpa

Aguisín C

Ceolghrúpa a réamhchleachtadh agus a stiúradh

- (a) Ní miste do mhic léinn den Ghnáthleibhéal agus den Ardleibhéal ceolchasadh a chur i láthair faoin gceannteideal seo.
- (b) Ba chóir go dtabharfadh mic léinn dá n-aire na riachtanais cheolchasaidh atá breamhaithe i 2.1.2 (lch. 6).
- (c) Ní mór do mhic léinn clár oiriúnach a roghnú. Na critéir le haghaidh na rogha ceoil, tugtar iad in aguisín E (lch. 19).
- (d) I gcás na léirithe faoin gceannteideal seo, d'fhéadfáí stíleanna a bhaineann le ceol traidisiúnta agus le ceol coitianta a bheith san áireamh mar aon le saothair chlasaiceacha ealaíne.
- (e) Ba chóir go mbeadh na mic léinn tar éis grúpa cheoil a réamhchleachtadh agus a stiúrú ar feadh tréimhse réasúnta fada (ar feadh bliana amháin ar a laghad) roimh an scrúdú. Ba chóir go mbeidis in ann a léiriú lena gcuid ionramhála ar an gcur i láthair.
- teicníocht chuí agus rapport
 - cumas ar mhíreanna ceoil a mhúnlú, ar an gceol a struchtúrú agus ar bhrí an cheoil a léirmhíniú
 - tuiscint ar cheol
- (f) Agus a gcláir curtha i láthair ag stiúrthóirí, tabharsar scaitheamh ama dóibh chun breathnú ar scór anaithnid, simplí. Cuirfear roinnt ceisteanna féachaint an bhfuil ar a gcumas
- dúshláin theicníochta agus ceoil an scóir a thuiscint
 - straitéis éifeachtach réamhchleachta a phleanáil

Aguisín D

Amharcléamh, trialacha cluaschuimhne agus tobchumadh neamhullmhaithe

- (a) Cuirfear na trialacha amharcléimh, cluaschuimhne agus tobchumtha i gerích ar bhonn aonair.
- (b) Aon uair a mbeidh mic léinn ag tairiscint, le haghaidh measúnaithe ag an Ardleibhéal, dhá ghníomhaíocht léirithe um Ghnáthleibhéal cuirfear os a gcómhair an leibhéal cuí Ardleibhéil de thrialacha san amharcléamh, sa chluaschuimhne agus sa tobchumadh.
- (c) Ag an nGnáthleibhéal is éard a bheidh sna trialacha a riarfar in amharcléamh, i gcluaschuimhne agus i dtobchumadh ná ceol le patrúin so-inaitheanta go mbeadh súil leo.
- (d) Ag an Ardleibhéal beidh na patrúin so-inaitheanta fite fuaite sna sleachta trialach freisin.
- (e) Mic léinn a bheidh ag cur sleachta tobchumtha i láthair in ionad dul faoi thriail san amharcléamh nó sa chluaschuimhne caithfidh siad an sliocht a roghnú as an liosta atá breaclínithe in aguisín A, Rogha 4: tobchumadh (lch. 14).

Aguisín E

Na critéir a bhaineann le roghnú ceoil oiriúnaigh don scrúdú cheolchasaidh

(N.B. Ni foláir na critéir seo a leanas i dteannta leis na riachtanais cheolchasaidh faoi 2.1.2 (lch.5) a chomhlíonadh agus ceolchasadh ar siúl sa scrúdú).

- (a) Is féidir ceol a roghnú as na haicmí seo a leanas - ealaín chlasaiceach, traidisiúnta Gaelach, eithneach, ceol tire, roc-cheol, snagcheol, ceoldrámaí agus/nó stór coitianta nua-aimseartha eile.
- (b) I ngach cás caithfidh caighdeán an cheoil a roghnaítear a bheith inchurtha leis an gcaighdeán go mbeadh súil leis de thoradh staidéir dhá bhliain ar lorg chlár ceoil an Teastais Shóisearaigh nó a mhacasamhla sin.
- (c) I ngach cás ba chóir go léireodh na hamhráin agus na dréachtaí ceoil a roghnaítear éagsúlacht teicníochta agus stíle.
- (d) Ba chóir go mbeadh na hamhráin nó na dréachtaí ceoil a chuirtear i láthair, ceol traidisiúnta Gaelach san áireamh, inaitheanta agus chomh fada agus is féidir agus is cuí ní miste an ceol foillsithe a bheith ar fáil.
- (e) Na dréachtaí a roghnaítear le haghaidh léirithe grúpaí (réamhchleachtadh agus stiúrú grúpaí ceoil san áireamh), ní miste dhá pháirt ar a laghad, le tionlacan nó gan é, a bheith iontu. Mar sin féin is féidir go dtabharfaí éisteacht freisin do shleachta níos deacra aoncheoil agus cantaireachta eaglasta.
- (f) Na dréachtaí ceoil atá liostáilte thíos beidh siad mar threoir maidir le cinneadh na bpriomhchaighdeán léirithe don Ghnáthleibhéil agus don Ardleibhéil. Niltear ag foilsíú cláir ar leith. Ba chóir go mbeadh dréachtaí a roghnaítear le haghaidh ceoil ghutha nó uirlise, nach bhfuil liostáilte thíos, ar comhchaighdeán leo nó ar caighdeán níos airde fós.
- (g) Ba chóir go mairfeadh cláir sa rogha léirithe Ardleibhéil 12 nóiméad go hachomair agus go dtaispeánfadh sé forbairt sa bhréis ar na gníomhaíochtaí bunúsacha léirithe Ardleibhéil.

(i) Ceolchasadh aonair - ceol clasaiceach

Fliúit Shasanach Forshéise

Gnáthleibhéil Mozart, *Country Dances (A Collection of Dance Airs)*, Hargail Music Press

Ardleibhéil Elsna Snell, *uimh. 4 Spring Song (Strawberry Hill Pieces)*, Lengnick

Pianó

Gnáthleibhéil Mozart, arna heagrú ag Howard Ferguson, *Allegro in B maol (25 Early Pieces)*, Associated Board

Ardleibhéil Handel, arna heagrú ag Howard Ferguson, *Aria in G (A Keyboard Anthology, Leabhar 2)*, Associated Board

Veidhlín

- | | |
|---------------|--|
| Gnáthleibhéal | L. Mendelssohn, <i>Cavatina</i> , Bosworth. |
| Ardleibhéal | Tchaikovsky, arna heagrú ag Rowsby Woof <i>Chant sans Paroles</i> , op. 2, uimh. 3, Associated Board |

Guth

- | | |
|---------------|---|
| Gnáthleibhéal | Brahms, <i>Wiegenlied/Cradle Song</i> (Brahms: <i>Caoga amhrán roghnaithe</i> , Schirmer) |
| Ardleibhéal | Schubert, <i>An Silvia/To Silvia</i> (<i>Amhráin roghnaithe Schubert</i> , Peters) |

(ii) Léiriú i ngrúpa - ceol clasaiceach

Buíon fliúite sasanái

- | | |
|---------------|---|
| Gnáthleibhéal | Rameau, Rondino, (<i>Two's Company</i> , Cramer) |
| Ardleibhéal | Donald Randall, <i>Shortnin' Bread</i> (<i>Trí Dhréacht de Fhliúit Shasanach bunaithe ar amhráin spioradálta na gciardhuán</i> , Bosworth) |

Díséad pianó

- | | |
|---------------|---|
| Gnáthleibhéal | François Couperin, <i>Minit</i> (<i>Díséid Éascaí Pianó</i> , Universal Edition) |
| Ardhleibhéal | Mozart, <i>Minit agus Trio</i> (<i>Sonáid in C, K19d</i> , OUP) |

Díséad veidhlín

- | | |
|---------------|---|
| Gnáthleibhéal | Schubert, arna heagrú ag Jane Gannoway, <i>The Miller</i> , (<i>String It Together</i> , Ceol Mimram/Ceol Fentone) |
| Ardleibhéal | Pleyel, Rondó (<i>Six Petits Duos</i> , Universal Edition) |

Grúpaí gutha

- | | |
|---------------|--|
| Gnáthleibhéal | Benjamin Britten, <i>A New Year Carol</i> (<i>Leabhar na gCarúl</i> , Oxford, <i>Leabhar 1</i> , OUP) |
| Ardleibhéal | Lassus, <i>Mon Cœur se Recommande à Vous/Tá Mo Chroí ar Fáil Duit Fós</i> , Foilseacháin Robertson. |

(iii) Ceolchasadh aonair - Ceol traidisiúnta Gaelach

(N.B. Tá na foinsí ceoil Ghælaigh á liostáil mar threoir i dtaobh na gcaighdeán a mbeadh súil leo ag an Ghnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Níl sé i gceist go léireoidís sonraí nó stíle i dtaobh an cheolchasaidh).

Ceol uirlise

Gnáthleibhéal	<i>An Bóthar ó Thuaidh go dtí Árainn (port singil, uimhir 65, Breandán Breathnach, Ceol Rince na hÉireann, Cuid 2, Oifig an tSoláthair)</i>
Ardleibhéal	<i>Ril Liadroime, (tril, uimhir 183, Breandán Breathnach, Ceol Rince na hÉireann, Cuid 1, Oifig an tSoláthair)</i>

Amhránaíocht

Gnáthleibhéal	<i>Fear an Bhata</i> (Seán Óg agus Mánus Ó Baoill, <i>Ceolta Gael</i> , Preas Mercier)
Ardleibhéal	<i>Bánchnoic Éireann Ó</i> (Seán Óg agus Mánus Ó Baoill, <i>Ceolta Gael</i> , Preas Mercier)

(iv) Ceolchasadh grúpaí - ceol traidisiúnta Gaelach

(N.B. Tá na foinsí ceoil Ghælaigh á liostáil mar threoir i dtaobh na gcaighdeán a mbeadh súil leo ag an Ghnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Níl sé i gceist go léireoidís sonraí nó stíle an cheolchasaidh).

Guth/anna agus uirlis/i

Gnáthleibhéal	<i>Buachaill ón Eirne</i> (Clannad Pastpresent, Foilseacháin Wise)
Ardleibhéal	<i>Coinleach Glas an Fhómhair</i> (Clannad Pastpresent, Foilseacháin Wise)

Uirlisí amháin

Gnáthleibhéal	<i>Maidín Luan Cincise</i> (Cuisle an Cheoil, An Roinn Oideachais)
Ardleibhéal	C. Lennon, <i>Musical Memories, Imleabhair 1 agus 2</i> . Foilseacháin Worldmusic - aon chnuasach de dhréachtaí codarsnachta

(v) Ceolchasadh aonair - ceol pobail

(N.B. Tá foinsí ceoil phobail á liostáil mar threoir i dtaobh na gcaighdeán a mbeadh súil leo ag an Ghnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Níl sé i gceist go léireoidís sonraí nó stíle an cheolchasaidh).

Guth

Gnáthleibhéal	Lennon agus McCartney, <i>When I'm Sixty Four</i> , (<i>The Beatles Complete</i> , Foilseacháin Wise)
Ardleibhéal	Paul Simon, <i>The Boxer / Leabhar na nAmhrán le Paul Simon</i> , Music Sales)

Sintéiseoir/Eochairchlár Leictreonach

Gnáthleibhéal	John Barry, <i>Born Free</i> (<i>Première Film Music, Imleabhar 1</i> , Chappell)
Ardleibhéal	Eric Carmen, <i>All By Myself</i> (<i>Easy Listening, Love and Rock le haghaidh gach uile méarchláir</i> , Foilseacháin Wise)

Ag canadh le féintionlacan

Gnáthleibhéal	Paul Simon agus Art Garfunkel, <i>Scarborough Fair/Canticle</i> , Music Sales Ltd.
Ardleibhéal	P. Alder agus E. Levine, <i>Once in a very blue moon</i> , (<i>Leabhar na nAmhrán le Mary Black</i> , arna chur le chéile ag Declan Sinnott, Ceirní Dara)

(vi) Ceolchasadh grúpaí - ceol pobail

(N.B. Tá foinsí ceoil phobail á liostáil mar threoir i dtaobh na gcaighdeán a mbeadh suíl leo ag an Ghnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Níl sé i gceist go léireoidís sonraí nó stíle an cheolchasaidh).

Ceol tíre

Gnáthleibhéal	Peadar Kearney, <i>Anna Liffey</i> (<i>Leabhar na nAmhrán ag The Wolfe Tones, Imleabhar 2</i> , Walton)
Ardleibhéal	Jimmy McCarthy, <i>No frontiers</i> (<i>Leabhar na nAmhrán ag Mary Black</i> , arna cur le chéile ag Declan Sinnott, Ceirní Dara)

Roc-ghrúpa

Gnáthleibhéal	Mark Knopfler/Dire Straits, <i>Walk of Life</i> (<i>Classic Rock Hits, Imleabhar a Tri</i> , Foilseacháin Wise)
Ardleibhéal	U2, <i>I Still Haven't Found What I'm Looking For</i> (<i>Classic Rock Hits, Imleabhar a Tri</i> , Foilseacháin Wise)

Grúpaí snagcheoil

Gnáthleibhéal	Gerald Martin, <i>Old Joe Clark's Boogie</i> (<i>The Joy of Boogie and Blues</i> , Ceol Yorktown)
Ardleibhéal	Gerard Martin, <i>Swingin' Molly</i> , (<i>The Joy of Boogie and Blues</i> , Ceol Yorktown)

Grúpaí ag casadh sleachta as ceoldrámaí, mion-cheoldrámaí, etc.

Gnáthleibhéal	Claude-Michel Schönberg, <i>Do you hear the People Sing</i> , (<i>Les Misérables</i> , Faber)
Ardleibhéal	Lionel Bart, <i>Who Will Buy?</i> (<i>Oliver</i> , Lakeview Music Publishing)

Aguisín F

Saothair dhualgais

Cuid éigeantach den siollabas don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal is ea na saothair dhualgais agus scrúdófar go mion iad. Tá dhá thacar de shaothair dhualgais ann, a dhéanfaidh uainíocht ar a chéile gach trí bliana. I gcaitheamh na dtrí bliana tosaigh beidh an scrúdú ar an siollabas seo bunaithe ar ghrúpa A; i gcaitheamh na dtrí bliana ina dhiaidh sin beidh an scrúdú bunaithe ar ghrúpa B.

Grúpa A

J.S. Bach, *Cantata: Jesu, der Du meine Seele/Jesus, by Thy Cross and Passion*, BWV 78, Eulenberg

Tchaikovsky, *Fantasy Overture Romeo and Juliet*, Boosey and Hawkes nó Eulenberg

Gerald Barry, *Ceathairéad Pianó*, OUP

Freddie Mercury/Queen, *Bohemian Rhapsody*, IMP

Grúpa B

Mozart, *Coinséartó Pianó uimh. 23 in A*, K.488, Boosey and Hawkes

Berlioz, *The Ball* (an dara gluaiseacht) agus *March to the Scaffold* (an ceathrú gluaiseacht) as *Symphonie Fantastique*, Eulenberg

Raymond Deane, *Seachanges (le Danse Macabre)* le haghaidh fliúiteoige agus fliúite in G, cnaguirli sí, pianó, veidhlín agus dordveidhile, Contemporary Music Centre

Lennon and McCartney/The Beatles, *Sergeant Pepper's Lonely Hearts Club Band, She's Leaving Home* agus *When I'm Sixty Four*, Foilseacháin Wise

Rogha éisteachta ag an Ardleibhéal - ábhar faoi shainstaidéar

- (a) Ní miste do mhic léinn a dtéama féin a roghnú le haghaidh sainstaidéir faoi réir na grítéar atá luaite in 2.3.5 (lch. 11).
- (b) Anseo thíos tá samplaí de théamaí oiriúnacha. Ní liosta é seo atá dlite ar iarrthóirí.

Cantaireacht eaglasta

Madragail de chuid na hAthbheochana Sasanaí

An coinséartó grosso

An siansa clasaiceach

Lieder Gearmáineach c.1800 - c.1850

Ceoldráma Iodáileach c.1850 - c.1900

Ceol bailé na Rúise

Ceol pianó impriseanaíochta

Ceol pobail Mheiriceá c.1918 - c.1950

Ceol scannán ó c.1968 go dtí an lá inniu

Snagcheol na luath-thréimhse

Ceol an phobail Éirinnigh inniu

Ceol de chuid cumadóirí na linne seo in Éirinn

Téadcheathairéadaí de chuid gnáthchumadóirí na linne seo

Ceol eithneach ón Áise